

## Ollscoil Mhá Nuad

Comhdháil faoi Theangacha,  
13-15 Meán Fómhair 2001

An tAontas Eorpach (AE) agus an Ghaeilge:  
Féiniúlacht agus Éagsúlacht Teanga

Seán Ó Riain

Tuairimí pearsanta an údair atá sa pháipéar seo

### Réamhrá

Cad í an bhaint atá ag féiniúlacht an AE leis an nGaeilge? Tá, cothrom na Féinne, ar fhulaing an Ghaeilge na céadta bliain dá easpa, agus ar bhaol d'ídir éagsúlacht theanga agus fhéiniúlacht na hEorpa dá uireasa má leantar de chóras cumarsáide idirnáisiúnta a cheileann é. Cé go nglacann an córas seo go teoiriciúil le coincheap na gceart daonna, gurb ionann cearta an duine aonair, cuma cén teanga a labhraíonn sé/sí, go praiticiúil diúltáíonn sé go fréamhái dó, agus buanaíonn an éagoir. Pléifear anseo le malairt raidictiúil córais, a thabharfadh comhstádas don Ghaeilge le gach teanga náisiúnta eile san AE. Féachfar ar impleachtaí oideachais don Ghaeilge. Cuirtear córas cumarsáide an AE i gcomparáid le trí chóras eile in Aguisín a 1.

### Córas Cumarsáide an Aontais Eorpaithe

'Ar an drochuair ní thugann tromlach na nEorpach aon aird ar fhadbh na dteangacha, mar creideann siad *gur furasta i a réiteach trí úsáid an Bhéarla. Easaontaim go hiomlán leis sin:* cruthaíonn úsáid idirnáisiúnta na teanga eitní fadhbanna bunúsacha foghlama agus, thairis sin, fadhbanna an choilíneachais chultúir agus an éagothroim pholaitiúil' (Bonino 1996:42).

Coimisinéir an AE do Ghnóthaí Tomholtóirí, *Emma Bonino*, Mártá 1996

Cé nach minic a phléitear í, tá fadhb theanga ag an Eoraip - teacht ar chothromaíocht idir gá na cumarsáide éifeachtaí agus, gá atá chomh tábhachtach céanna, an éagsúlacht theanga is chultúir a chosaint is a chur chun cinn. Cosnaíonn an beartas atá againnanois 2 *bhilliún Euro sa bhliain* (Alterman 1997:7). Méadóidh na costais go mear nuair a leathnófar an tAE soir (i 1994, le 9 theanga oibre oifigiúla, ba é 72 uasmhéid na bpéirí aistriúcháin (i. aistriú ó gach teanga go gach teanga eile agus aistriú ar ais); anois, le 11 theanga oibre oifigiúil, is é 110 an t-uasmhéid; tar éis leathnú an Aontais do iarrthóirí Lúcsamburg, le 16 theanga, beidh uasmhéid 240 againn, agus d'fhéadfadh sé dul chomh hard le 23 theanga, agus 506 phéire aistriúcháin, má thagann gach stát-iarrthóir isteach san AE).

Sa bhliain 1995 mholt an tAire Francach Lamassoure go dteorannófaí líon na dteangacha oibre do na cúig cinn 'is minicí in úsáid' (Fraincis, Béarla, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis). Dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa don mholtadh le tromlach ollmhór (Ó Riain 1997:520). I mí na Bealtaine 2000 d'aontaigh cruinniú mullaigh na Fraince is na Gearmáine go dtacódh an dá thír le teanga na tire eile, mar braitheann siad araon faoi bhrú ón mBéarla. Chinn Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince Védrine i mí Mheán Fómhair 2000 go mbeidh ar gach

taidhleoir Francach Gearmáinis a fhoghlaim. Ach cuireann an Spáinn go láidir i gcoinne úsáid na Gearmáinise, agus éilíonn go mbeadh Spáinnis ar chomhchéim le Gearmáinis.

Agus aontú na hEorpa ag dul ar aghaidh, agus na teorainneacha fisiciúla ag dul in éag, is ag méadú atá tábhacht na dteangacha mar chomhartha féiniúlachta. D’fhéadfadh sé seo leas na Gaeilge a dhéanamh. Ach cad faoi úsáid na dteangacha in Eoraip aontaithe? Measann cuid mhaith daoine gur réiteach ar an bhfadhb an síor-mhéadú ar úsáid an Bhéarla, gan aon chinneadh foirméálta. Fágann an ‘réiteach’ seo roinnt ceisteanna bunúsacha gan freagairt, áfach (Fettes 1991: 202-3).

### **An Béarla mar lingua franca na hEorpa?**

I dtús báire, tugann úsáid an Bhéarla buntáiste nach beag thar gach Eorpach eile don 16 % de shaoránaigh an AE gur cainteoirí dúchais Béarla iad, agus do chainteoirí na dteangacha gaolmhara, mar an Ghearmáinis, an Ollannais, an Danmhairgis agus an tSualannais (Héraud et al. 1995: 39). Conas a réitionn sé seo le coincheap chothrom na Féinne (1), atá mar bhunchloch na seasmhachta polaitiúla?

Sa dara háit, conas a réitionn úsáid teanga eitní amháin mar *lingua franca* Eorpach le beartas an AE an éagsúlacht theanga a chaomhnú is a chur chun cinn? Cad í an chabhair don éagsúlacht theanga gur Béarla seachas aon teanga Eorpach eile, fiú teanga na gcomharsan béal dorais, a fhoghlaímíonn breis is 90% d’óige na hEorpa (Chiti-Batelli 1987: 106)?

Sa tríú háit, lasmuigh den Eoraip atá cónaí ar fhormhór na mBéarlóirí dúchais. Conas, mar sin, is féidir le húsaíd an Bhéarla tacú le neartú na féiniúlachta Eorpáí, *sine qua non* aontacht na hEorpa? Nach dóichí go neartódh úsáid an Bhéarla ceannas chultúr Mheiriceá san Eoraip? (faoi láthair is scannáin Mheiriceánacha thart ar 80% na scannán i bpictiúrlanna na hEorpa; cinn Eorpacha 2 % na scannán i bpictiúrlanna SAM, de réir Phillipson 1996:1). Ó thaobh na féiniúlachta Eorpáí ba thairbhí úsáid na Fraincise, na Gearmáinise, nó na hIodáilise mar *lingua franca* an AE: ar a laghad is san Eoraip atá cónaí ar thromlach mór lucht a labhartha.

Sa cheathrú háit, ní foláir d’fhoghlaimeoirí blianta a chaitheamh ina gcónaí i dtíortha an Bhéarla, nó éirim neamhghnách a bheith acu, chun caighdeán an chainteora dhúchais a shroicheadh. Nach dtabharfadh Béarlú na hEorpa breis phribhléidí don élite Eorpach atá saibhir go leor, nó éirimíúil go leor, chun an caighdeán Béarla seo a bhaint amach?

Teanga álainn is ea an Béarla, le sár-litríocht, cuid mhór di scríofa ag Éireannaigh. Amhail an rós dearg, a bhfuil an-ghean ar fud an domhain air. Ach an mbeadh an gean céanna ar ghort lán de rosa dearga, gan aon bhláth eile ann? (Bormann agus Frank 1994: 137). Is dóite aithne na nGael ar chlaonadh an Bhéarla cleas na cuaiche a imirt ar theangacha eile. Thairis sin, ceistíonn leabhair a foilsíodh le déanaí (Cushing 1994: 1-16; Piron 1994: 82-88) cé mhéad timpiste eitleán a thug míthuiscintí bunaithe ar dhébhríochas an Bhéarla (2), ar dheacracht a chuid fuaiméanna d’fhoghlaimeoirí (mar shampla, 20 fuaim ghuta ag Béarla Oxford, cúig cinn sa Spáinnis, Wells 1987:779), de bhrí gurb é an Béarla aon-teanga oibre na heitleoireachta idirnáisiúnta.

## Cearta an Duine, cearta teanga?

Le leathchéad bliain anuas chruthaigh Comhairle na hEorpa (agus ar scála domhanda, córas na Náisiún Aontaithe) córas dlí idirnáisiúnta bunaithe ar chearta an duine aonair agus ar shaoirsí bunúsacha. Ar an drochuair, níor fhorbair cearta teanga na cumarsáide idirnáisiúnta bonn ar aon leis an dul chun cinn ginearálta i réimse na gceart daonna. An sean-nós ‘cloíonn neart ceart’ a d’fhan i réim anseo, nós nár athraigh ó aimsir na hImpireachta Rómhánaí: brúitear teanga(cha) an cheannais ar dhaoine agus déantar neamháird ar phrionsabal chothrom na Féinne, nó ar chothromaíocht deiseanna.

In Eoraip an lae inniu, samhlaítar do chuid mhór daoine gur rud nádúrtha go mbíonn an ceart ag 63 mhilliún Béarlóirí dúchais, nó 64 mhilliún Frainciseoirí, a dteanga féin a úsáid i gcónaí sa chumarsáid idirnáisiúnta, ach nach mbíonn a leithéid de cheart riamh ag 40 milliún Polannach, ag tromlach na nEorpach nó go deimhin ag cainteoirí Gaeilge. Déanann comhlacthaí idirnáisiúnta an Béarla a bhrú gan náire, iad ar nós cuma liom faoi dhíinit teanga an 93% den chine daonna nach é an Béarla a dteanga dhúchais. ‘Faisisteachas teanga’ (Piron 1994: 313) a thug scríbhneoir amháin air seo, mar tugann sé pribhléid bhereise do mhionlach a bhfuil a lán pribhléidí cheana aige.

Ar ndóigh,ní le brú an Bhéarla a bhaineann sé seo ar fad ach le haon teanga náisiúnta a bheith á brú. I gcionn céad bliain eile b’fhéidir go mbeadh na hargóintí seo in úsáid ag Béarlóirí i ndomhan a bheadh faoi cheannas na Sínise (tugtar faoi deara gur chuir Roinn Gnóthaí Eachtracha na Síne deireadh leis an aistriúchán go Béarla ina cuid cruinnithe rialta leis an bpreas i mí Mheán Fomhair 1996, de réir *The Economist*, 31 Lúnasa 1996).

## Teanga Idireitneach

Is iomaí duine a chuireann suas le staid nach bhfuil idéalach, gan fios a mhalaíte acu. **Is ionann an col le coincheap na teanga idir-eitní inár sochaí-ne is an col a bhí le geilleagar an mhargaidh san Aontas Sóivéadach tráth.** Gan aon staidéar eolaíochta ar a beogacht, a húsáid sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus i gcomhdhálacha eolaíochta, nó a sofhoghlaithacht, fágtar ar lár teanga bheo (Lo Jacomo 1981: 23-4) a rugadh sa Pholainn sa 19ú Céad -- an teanga neodrach idirnáisiúnta Esperanto (3), a thionscnaigh lia súl Polannach/Giúdach, an Dr L. Zamenhof (Boulton 1960; Centassi agus Masson 1995), i Vársá i 1887. Conspóideach ón túis, ‘cette langue plus précise que la pensée’ (4) a thug Bakonyi air ach ‘le latin de la démocratie’ (5) a bhí ann dar le Boirac (Burney 1966:94, 95). Is cosúil gurb í bolscaireacht Hitler agus Stalin is cúis, cuid mhór, le blas diúltach an fhocail, bolscaireacht i gcoinnne na teanga ‘a chum Giúdach’ (Lins 1988: 90).

Cuireann Claude Piron, Ollscoil na Ginéive, an col seo *a priori* i gcomparáid le cúlchath lucht tacaíochta na n-uimhreacha Rómhánacha, ar éirigh leo moill na gcéadta bliain a chur ar na huimhreacha a úsáidimidanois, bíodh gur leor cúpla nóiméad chun an córas is fearr a aimsiú (Piron 1994: 334). Ní gnách spéis mhór ag cainteoirí na teanga ceannais i dteanga a cheadaíonn cumarsáid ar bhonn an chothroim (Phillipson 1996: 15). Díríonn an tOllamh Humphrey Tonkin, Uachtaráin Ollscoil Hartford, Connecticut, ar bhagairt na dteangacha móra eitneacha dá gcomharsana beaga:

‘Tá impiriúlachas teanga na mórchumhachaí tar éis a meáin chumarsáide fén a cheilt ar fhormhór na náisiún, ag brú Béarla nó Fraincise orthu, maille le cultúr na dteangacha sin’ (Tonkin 1993: 131).

### Aitheantas Idirnáisiúnta

Cheana fén i 1928 scríobh an teangeolaí aitheanta Antoine Meillet: ‘Ní bhaineann na hargóintí teoiriciúla le hábhar: oibríonn Esperanto’ (Martinet 1989: 5). Thug *PEN International*, cumann idirnáisiúnta na bhfilí, na n-aistithe is na n-úrscéalaithe, a séala foirméalta aitheantais d’Esperanto mar theanga liteartha nuair a ghlac siad le craobh na scríbhneoirí Esperanto i 1993. Moladh an file Esperanto Albanach, William Auld, do dhuais Nobel na litríochta i 1998 (Ertl 1998:161).

Maíonn Janton (1989:213) gur cóngaraí de ghnáth an t-aistriúchán Esperanto don bhuntéacs ná aistriúcháin go teanga eile, toisc, mar shampla, gur Béarlóirí a d’fhoghlaim Ungáiris is minicí a aistríonn ó Ungáiris go Béarla ach gur cainteoírí dúchais Ungáirise a aistríonn ó Ungáiris go hEsperanto (tá aistriúcháin ó 73 theanga in Auld 1991, a bhformhór aistrithe ag cainteoírí dúchais na dteangacha sin).

Rinneadh teanga phobail d’Esperanto gan mhoill agus ní ‘saorga’ (6) inniu í ná leanbh promhadáin - tá sí á labhairt mar cheann dá dteangacha baile ag 1,000 teaghlach (Corsetti 1996: 265). Labhraíonn thart ar 3 mhilliún duine Esperanto, níos mó ná mar a labhraíonn 95% de theangacha an domhain (Tonkin 1993: 132), agus d’ainm rúin UNESCO sna blianta 1954 agus 1985 a dtug sí do chur chun cinn na comhthuisceana idirnáisiunta.

### Tacaíocht i bParlaimint na hEorpa agus ón bPápa

Shínigh 20% de na Feisirí Eorpacha, ina measc *16 den 18 bhFeisire Éireannach* i bParlaimint na hEorpa, cáipéis ag éileamh go ndéanfaí scrúdú ar úsáid Esperanto i bhforais an AE (Pirlot 1997: 3). Tá fáil in Esperanto ar bhreis is 45,000 leabhar (UEA 1994), 200 iris rialta; cloistear go laethúil ar an raidió ó Vársá go Beijing í; tá a húsáid ag fás go mear (7) ar an Idirlíon (Fettes 1997); agus tá an t-ainm ‘Esperanto’ nó ‘Zamenhof’ ar 1,100 sráid i 54 thír (Röllinger 1997: 12). Scríobhann an tOllamh Reinhard Selten, a bhuaigh Duais Nobel don Eacnamaíocht i 1994, in Esperanto agus is eagarthóir é ar leabhar scolártha sa teanga sin (Selten 1997).

I 1994 thosaigh an Pápa ag úsáid Esperanto i mbeannachtaí na Nollag is na Cásca uaidh, *Urbi et Orbi*: eisean an chéad Cheann Stáit a thug aitheantas poiblí di. D’fhoilsigh an Vatacáin téacs oifigiúil an Aifrin agus an Leicseanáir i 1995 (IKUE 1995). Measann Chiti-Battelli 1987 go bhféadfadh Esperanto ról na Laidne sna Meánaoiseanna a ghlacadh, gan teangacha náisiúnta a chur i mbaol mar a dhéanann síor-leathnú an Bhéarla. Múintear i 125 ollscoil ar fud an domhain í (Tonkin 1993: 124).

## Feabhas ar Foghlaim na dTeangacha

Ní hé amháin gur fusa Esperanto ná teangacha eile (Aguisín a 2), ach is ionann *mí Esperanto* agus *bliain Béarla nó Fraincise* (Piron 1994: 189). Deir Eichholz (1982: 604) go n-aithníonn Béarlóirí nach bhfaca Esperanto riamh thart ar 70% (8) de ghnáth-théacs (Aguisín a 3). Ach b'fhéidir gurb é an pointe is spéisiúla an ceann a dhéanann tuairisc ó Roinn Oideachais na Fionnlainne (Opetusministeriön 1984: 59):

‘Taispeánann torthaí turgnamh múinteoireachta go gcuireann réamhchúrsa Esperanto *feabhas suntasach* ar dhul chun cinn na mac léinn i *bhfoghlaim theangacha iasachta*.’

Thacaigh taighde ó Dhámh na Cibirneitice d’Ollscoil Paderborn (Frank 1982:134) leis seo: i dturgnamh amháin múineadh Béarla do ghrúpa A ar feadh 800 uaire an chloig thar 5 bliana, múineadh Esperanto do ghrúpa B ar feadh 104 uaire an chloig, agus níor ghá do ghrúpa B ach 635 uaire an chloig Béarla chun caighdeán Béarla ghrúpa A a shroicheadh, .i. cumas maith bainte amach sa dá theanga, agus 61 uair an chloig ‘sábháilte’. I gcásanna áirithe, is féidir go sábháilann an réamhchúrsa 50% níos mó ama ná mar a thógann sé. **Toradh eile: dá laige cumas teanga-fhoghlama an mhic léinn, is amhlaidh is mó a chabhraigh an réamhchúrsa Esperanto**, mar don chéad uair ina saol bhí ag éirí le mic léinn teanga nár bhlais roimhe sin ach an teip is an chailliúint mhisnigh.

Tugann Corsetti agus La Torre 1995 an-chuid tagairtí do thurgnaimh eile mar seo ar fud an domhain ó 1921 ar aghaidh. Ar dhá chúis, go príomha, a éascaíonn an réamhchúsa Esperanto foghlaim na dteangacha eile: 1. Misnionn rialtacht Esperanto agus a heaspa eisceachtaí foghlaiméoirí, go háirithe an tromlach nach bhfuil éirim ar leith acu d’foghlaim theangacha. Is léir impleachtaí ollmhóra do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna ‘Béarla’ na hÉireann anseo, mar don chéad uair d’éireodh leis na mílte duine, nár bhlais ach an teip is an chailliúint mhisnigh go dtí seo, an dara teanga a fhoghlaim go maith. Cothaíonn an dul chun cinn tapa in Esperanto, agus an úsáid phraiticiúil sa chomhfhreagras, ar an idirlón, srl., spéis i dteangacha eile. 2. Toisc gur lú ná 1% d’fhoclóir Esperanto a cumadh, tugann gach focal eile a fhoghlaimítar focal nua i dteanga éigin eile. Mar sin is sár-ullmhúchán d’foghlaim na Fraincise, nó na Laidine, an réamhchúrsa Esperanto. Féach Tišljar 1997, leis.

## Esperanto agus a baint le hÉirinn

Is beag an bhaint dhíreach idir an Ghaeilge agus Esperanto, ach beirt Éireannach, Richard Geoghegan agus J.C. O’Connor, ba thúsce a d’foghlaim Esperanto i Sasana, agus b’ é Geoghegan a scríobh an chéad téacsleabhar Esperanto i mBéarla i 1888. Geoghegan ba chúis leis an dath glas ar bhratach Esperanto, is ar na réaltaí a chaitheann cainteoirí chun a chéile a aithint (‘fáinne’ Esperanto!). Bunaíodh an chéad ghrúpa Esperanto in Éirinn i 1907, agus bhí Joseph Mary Plunkett mar bhall coiste de (Lapenna et al. 1974:467). Léitear corr-thagairt d’Esperanto i litríocht na Gaeilge, Mac Carráin (1982:45-6), mar shampla. Agus tá leagan Esperanto de *Chúirt an Mheán-Oíche* ar fáil (Merriman 1980), agus de roinnt d’fhilíocht an Ríordánaigh (Ó Ríordáin 1998).

## An Euro – ‘airgead Esperanto’?

Thug polaiteoir Bavárach ‘airgead Esperanto’ (*Neue Zürcher Zeitung*, 23 Feabhra 1994) ar choinchéap an chomh-airgeadra Eorpaigh. Anois tá glactha ag 11 bhallstát den AE leis an *Euro*, agus ó thús mhí Eanáir seo chugainn beidh glactha ag an nGréig leis. Le linn na díospóireachta faoin gcomh-airgeadra níor chualathas aon mholadh foirméálta gur cheart glacadh leis an D-mark, an t-airgeadra náisiúnta is láidre, mar chomh-airgeadra Eorpach. Ba léir do chách gur ghá dílseacht na nEorpach ar fad a mhealladh. Más amhlaidh atá, cad chuiige go mbeadh glacadh le haon teanga náisiúnta, Béarla, Fraincis, Gearmáinis nó eile, mar chomh-theanga *de facto* na hEorpa? Léiríonn na nótaí EURO féin easpa na comh-theanga Eorpaí, mar, seachas an focal ‘EURO’ in aibítir na Laidne agus na Gréigise,ní bheidh focal in aon teanga scríofa orthu. Léiriú eile: ní in aon cheann de na teangacha oifigiúla oibre atá an inscríbhinn ar fhoirgneamh Chomhairle na nAirí sa Bhruiséil, ach i Laidin amháin, CONSLIUM (in Esperanto, Konsilio)!

## Féiniúlachtaí Eorpacha, Náisiúnta, Áitiúla

Bhunaigh an scríbhneoir Croátagh, Zlatko Tišljar, Cumann na Féiniúlachta Eorpaí (*Asocio por Eŭropa Konscio*) i Maribor i 1996 chun coincheap na féiniúlachta Eorpaí i gcomhréiteach leis na féiniúlachtaí náisiúnta agus áitiúla a chur chun cinn. Measann Tišljar gur gá don Eoraip féiniúlacht a mhothóidh tromlach na nEorpach go domhain. Ina thuairimsean, chuiige seo is gá teanga neodrach (mar sin, ní teanga idir-dhealaitheach) mar Esperanto, a bheadh so-fhoghlamtha (mar sin, teanga nach mbeadh thar acmhainn do Thadhg an mhargaidh, a chuirfeadh gnáth-shaoránaigh an AE i gcumarsáid dhíreach lena chéile, ag treisiú mar sin ar ghaol na saoránach leis an AE agus lena bhféiniúlacht Eorpach). I bhfocail Tišljar ‘fiú má oibríonn an geilleagar go maith (mar an gnéas sa phósadh), ach nach bhforbraíonn mothú féiniúlachta (grá), ní mhairfidh an Eoraip’ (Tišljar 1998: 62).

## Anailís Oibiachtúil Riachtanach

Anailís mhion, oibiachtúil, eolaíochta a thuilleann an chumarsáid san AE. Rogha amháin is ea rogha Esperanto. Diúltáiodh an tAE don rogha sin, más mian leis, ach bíodh an diúltú bunaithe ar eolas is ar anailís, ní ar réamhbhreith, ar thuairimí suibiachtúla nó ar easpa eolais. Chonaiceamar go gcosnaíonn an réiteach faoi láthair breis is 2 *bhilliún Euro* sa bhliain. Measúnaíodh **nach gá ach 25 uaire an chloig staidéir chun eolas tuisceana ar Esperanto a fháil dóibhsíud a bhfuil Béarla agus teanga Rómánsach, mar an Fhraincis nó an Laidin, acu** (Vilisics-Formaggio 1995: 14). An féidir gur fearr leis an AE oll-airgead a chaitheamh ar chóras nach dtugann a ceart don Ghaeilge ná do thromlach na dteangacha, ná 25 uaire an chloig oibre a thabhairt do gach duine a bhíonn ag plé le gnóthaí an Aontais?

## Aontas Eorpach níos Daonlathaí

Athrú ó bhonn ab ea aistriúchán a bheith ar siúl go hEsperanto amháin ag cruinnithe an AE, ach thabharfadhl sé cothrom na Féinne isteach i gcumarsáid an Aontais, ag ceadú do gach duine labhairt ina dteanga dhúchais féin, ionas go bhféadfaí Gaeilge, Breatnais, Catalóinis, srl. a labhairt chomh maith céanna le Béarla nó Fraincis. Don chéad uair riamh, bheadh gach teanga náisiúnta san AE ar chomhchéim. Laghdófaí na costais thart ar 70% (22 phéire

aistriúcháin seachas 110; cuir leis sin 4 mhionteanga, abair, chun teacht ar 30 péire aistriúcháin); agus sheachnófaí an méadú ollmhór a thiocfaidh ar chostais aistriúcháin le leathnú an AE. *Bheadh an tAE níos daonlatháí agus níos cóngaraí don ghnáth-shaoránach.* I bhfocail eile: cothrom na Féinne a chinntíú, féiniúlachtaí náisiúnta *agus* féiniúlacht Eorpach a threisiú, córas cumarsáide i bhfad níos éifeachtaí don AE, agus laghdú suntasach ar chostais. Tá fis ag teastáil anseo, agus toil ládir pholaitiúil chun deireadh a chur le pribhléidí teanga agus an Eoraip a thabhairt céim mhór i dtreo an chirt is an chothroim.

### **Bliain Eorpach na dTeangacha 2001**

Go réadúil, is léir gur féidir, ó thaobh na polaitíochta, tabhairt ar an AE céim chomh raidiciúil leis sin a thógáil fad is atá formhór an phobail ar fhíor-bheagán eolais faoi Esperanto. Ach cad faoi dhíriú ar *úsáid a bhaint as réamhchúrsa Esperanto chun feabhas a chur ar mhúineadh na dteangacha eile*, mar a chonaiceamar thuas? Céim sa treo ceart a bheadh anseo agus bheadh sé indéanta. De réir a chéile, d’fheabhsódh a leithéid cumas na saoránach Eorpach i dteangacha iasachta, agus, mar fho-thoradh, neartódh sé eolas agus meas an phobail ar Esperanto. Cén t-am ab oiriúnaí chun cinneadh mar seo a thógáil ná Bliain Eorpach na dTeangacha 2001?

## AGUISÍN 1

**Comráid idir 4 Chóras Chumarsáide Idirnáisiúnta** (Piron 1997:38-39)

1. Córás na Náisiún Aontaithe (**NA**) - ná húsáíd ach roinnt teangacha, aistriúchán comhuaineach, aistriúchán ar cháipéisí.
2. Córás na gComhlachtaí Ilnáisiúnta - úsáideann gach duine an teanga eitneach céanna, de ghnáth an Béarla.
3. Córás an Aontais Eorpaigh (**AE**) - úsáidtear teangacha uile na mballstát, aistriúchán comhuaineach, aistriúchán ar cháipéisí.
4. Córás Esperanto.

Ar scála deich bpointe, de réir leibhéal na míbhuntáiste a thugaid, is ea a roinntear na pointí do gach critéir, mar seo a leanas:

0 - faic, 1- íosta, 2- suarach , 3 - beag, 4 - measartha, 5 - meánach, 6 - suntasach,  
7 - mór, 8 - an-mhór, 9 - ollmhór, 10 - uasta, as cuimse.

<b>Eagraíochtaí</b>	<b>NA</b>	<b>Comh. ilnáisiúnta</b>	<b>Aontas Eorpach</b>	<b>Esperanto</b>
a) fad na foghlama teanga (do rannpháirtigh)	8	8	0	3
b) réamh-infheistíocht na stát	9	9	5	0
c) réamh-infheistíocht na bhforas	8	0	10	0
d) éagothrom agus idirdhealú	6	5	0	0
e) costas seisiúin de bharr teanga	7	0	10	0
f) costas táirgeadh cáipéisí de bharr teanga	6	0	10	0
g) am ag fanacht ar cháipéisí	6	0	6	0
h) eolas caillte nó curtha as a riocth	5	4	6	0
i) minicíocht agus déine na cise teanga	5	6	0	1
j) cis (bac) theanga sa léitheoireacht	3	4	0	1
k) teorannuithe agus crá	8	3	8	0
l) méadú dochúil sna míbhuntáistí go ceann 20 bliain	5	0	10	0
Leibhéal iomlán na míbhuntáistí	76	39	65	5

## AGUISÍN 2

## Sracfhéachaint ar Esperanto (9)

**A, E, I, O, U** le fuaimniú mar na gutaí in FEAR, LE, BITH, GOL, BUN.  
**C** mar ts in leatsa; **j** mar y i yóyó. Cloistear fuaimeanna

ê	ô	ô	ô	ô	ô
duitse	jab	loch	leisure an Bhéarla	sí	abhaile (w)

Fuaimnítear gach litir, i gcónai mar an gcéanna. Béim an ghutha ar an *siolla leathdhéanach* i gcónai: is ionann líon na siollaí agus líon na ngutaí, ní áirítear ū ná j mar ghutaí. Bunaíodh an ghrámadach ar 16 bhun-riail, atá *gan eisceacht*.

Cumtar na ranna cainte ó fhréamh-fhocail, lena gcuirtear litreacha mar seo a leanas:

gach AINMFHOICAL	gach AIDIACHT	UIMHIR IOLRA	TUISEAL CUSPÓIREACH	DOBHRIATHAR
O	A	J	N	E
fakto, gluo	evidenta, freša	evidentaj faktoj, longaj distancoj, grandaj pianoj (aj, oj mar Thadhg, oigheann)	Mi (mé) helpas lin (é) Li (sé) helpis min (mé) Si (sí) lernos Esperanton	energie entuziasme diligente

Níl ach alt amháin ann, *LA*.

**Çu la bela virino** aëtis pilkon por la infanoj ñar ñi varme amas siajn infanojn?

*Ar cheannaigh an bhean álainn peil do na páistí mar gur grá léi go daingean a páistí?*

Níl ach 6 fhoirceann ag an mbriathar (ach tá 6 rangabháil aige)

INFINID.	LÁITH.	CAITE	FÁIST.	MODH COINN.	MODH ORD.
I	AS	IS	OS	US	U
ESTI	estas	estis	estos	estus	estu
LERNI	lernas	lernis	lernos	lernus	lernu
HELPY	helpas	helpis	helpos	helpus	helpu

**Falonta** arbo:

‘crann atá ar tí titim’

**Jesota** propono:

‘moladh a bhfuiltear ar tí glacadh leis’

### Tógail folclóra (na foircinn, móide 40 réimír is iarmhír)

skribi scriobh	bela álainn	amori déan grá	domo teach
skriba scriofa	malbela gráonna	bovo tarbh	dometo teachín
skibe i scribhinn	ami gráigh	bovino bó	domego mainteach
skribó scribhinn	malami is fuath le	bovidio lao	domaço bothán

## AGUISÍN 3

### Nóta ar Shanasaíocht Esperanto (Vilborg 1989)

De réir Pettyn (1973: 226) bíonn an méid seo a leanas tuisceana ar bhunfhoclóir Esperanto ag daoine nár dhein aon stádarár ar Esperanto riamh: Frainciseoirí, **87%**; Béarlóirí, **70%**; Gearmáiniseoirí, **68%**; agus Rúisiseoirí, **40%**. Dar le Szerdahelyi (1987:138), is iad seo foinsí fhoclóir Esperanto (SAT 1987):

1. Focail idirnáisiúnta ón Laidin is ón Sean-Ghréigis, c. **40%**, m.sh. *situacio, fantazio, tragedio, demokratio, nacio, fenomeno, etimologio, imperio, teatro, televido, telefono, geografio, historio, biologio, elektroniko, politiko, kulturo, meriti, rezisti, parlamento*.
2. Ó dhá theanga: **20% (65%)** de sin ón bhFraincis agus ón mBéarla), m.sh. *afero, blua, fantomo, vojaço, fini, problema, ministro, surprizo, komenco, admirri, diferenco*.
3. Ó theanga amháin: **40% (35%)** de sin ón bhFraincis; **33%** ón Laidin; **32%** ón Gearmáinis, ón mBéarla, ón Iodáilis, ón Rúisis, ón bPolainnis, m.sh

**Fraincis:** *sur, sen, bela, seka, granda, fari, diri, iri, doni, tre, tro, ĉevalo, lundo, soifo.*

**Ladin:** *tamen, dum, post, inter, preter, sub, apud, urso, erinaco, amo, ansero, vespero.*

**Gearmáinis:** *nur, nun, knabo, jaro, monato, tago, hela, ŝafo, ŝteli, trinki, haŭto, hundo.*

**Béarla:** *helpi, kisi, flirty, streći, puši, rajdi, fajro, boato, rusto, ŝipo, birdo, suno, lasta.*

**Polainnis:** béim ar an siolla leathdhéanach, an mhír cheisteach *ĉu* (<czy), *vi* (<wy, sibh), *praavo* (<pradziadek, sinseanathair), *pilko* (<piłka, liathróid), *celo* (<cel, aidhm), *klopopodi* (<kłopotać się, an-iarracht a dhéanamh).

**Rúisis:** *nepre* (gan teip/go láinchinn), *ĉerpi* (sliocht a bhaint as), *krom* (seachas).

**Iodáilis:** *tavolo* (ciseal), *korto* (cúirt), *mezo* (lár).

**Liotuáinis:** *tuj* (láithreach bonn).

**Sean-Ghréigis:** *kaj* (agus)

4. Focail a chum Zamenhof féin: **0.8%**:

<i>kio?</i>	<i>tio</i>	<i>io</i>	<i>cio</i>	<i>nenio</i>	<i>cad?</i>	é sin/an rud sin	rud éigin	gach rud	faic
<i>kia?</i>	<i>tia</i>	<i>ia</i>	<i>cia</i>	<i>nenia</i>	cén sórt?	an sórt sin	sórt éigin	gach sórt	sórt ar bith
<i>kie?</i>	<i>tie</i>	<i>ie</i>	<i>cie</i>	<i>nenie</i>	cá?	ansin (san áit sin)	áit éigin	gach áit	áit ar bith
<i>kiu?</i>	<i>tiu</i>	<i>iu</i>	<i>ciu</i>	<i>nenui</i>	cé?	an duine sin	duine éigin	gach duine	duine ar bith
<i>kiel?</i>	<i>tiel</i>	<i>iel</i>	<i>ciel</i>	<i>neniel</i>	conas?	sa tslí sin	ar shlí éigin	ar gach slí	slí ar bith
<i>kiam?</i>	<i>tiam</i>	<i>ia m</i>	<i>ciam</i>	<i>neniam</i>	cathain?	ansin	uair amháin	i gcónaí	riamh
<i>kial?</i>	<i>tial</i>	<i>ial</i>	<i>cial</i>	<i>nenial</i>	cén fáth?	dá bhrí sin	ar chúis éigin	ar gach cúis	gan chúis
<i>kies?</i>	<i>ties</i>	<i>ies</i>	<i>cies</i>	<i>nenies</i>	cé leis?	leis an duine sin	le duine éigin	le gach duine	le duine ar bith
<i>kiom?</i>	<i>tiom</i>	<i>io m</i>	<i>ciom</i>	<i>neniom</i>	cé mhéad?	an oiread sin	beagán	gach oiread / cainníocht	níl ... oiread na fríde

### Nótaí

1. Féach Fettes agus Bolduc 1998, Phillipson 1992, Schulz 1979, Erasmus 1997.
2. Príomhphointe Piron nach ar a bhuanna mar theanga a toghadh an Béarla, ach ar mhórthionchar idirnáisiúnta na Stát Aontaithe.
3. Do chur síos teangeolaíoch ar Esperanto, féach Wells 1978, Haupenthal 1985, Jordan 1992.

Do shaol is do dhúnmharú na chéad ghlúine eile de mhuintir Zamenhof, féach Heller 1985.

Do litríocht Esperanto, féach Auld 1984 agus 1991, Rossetti agus Vatré 1989, Berveling 1998.

D'úsáid Esperanto i saol taidhleora, agus i saol lucht fain faoi seach, féach Harry 1994 agus Robineau 1995.

Do shocheolaíocht phobal Esperanto, féach Rašić 1994, Stocker 1996.

Do stair Esperanto, féach Tonkin 1993, Širjaev 1979, Maizen et al. 1994, Mullarney 1999.

Do “bhéaloideas” Esperanto, féach Zamenhof 1974. Do thógáil páistí le hEsperanto, féach Csiszár 1995, Tišljar 1995.

Do Esperanto agus an t-éiciúméineachas, féach Matthias 1999.

4. Trí shampla de seo (Cherpillod 1995:142): 1. *tablo/bord, tabulo/clár (dubh), tabelo/clár (na n-ábhar)*, *tavolo/ciseal*; 2. *trinki/ól, drinki/’ól* an iomad de dheoch mheisciúil’; 3. *sola/ina* (h)aonar, *gesola/lánúin* a bheith ina haonar (ciallaíonn ‘ge-’, <Geschwister na Gearmáinise, go bhfuil idir fhireann is bhaineann i láthair, *gedormi/fo-id* na Sean-Ghaeilge).

5. Ar ndóigh chomhlíonfadhbh an Ladin féin critéar na neodrachta, ach ní chomhlíonfadhbh sí critéar an daonlathais, mar gur teanga ró-dheacair í do thromlach an phobail.

6. Pléann Janton 1989:211 go héifeachtach le hargóint na saorgachta, ar minic in úsáid in aghaidh Esperanto í: ‘The opponents of artificial languages do no explain ... why English *bishop*, French *évêque*, and Spanish *obispo* should be less deformed than Esperanto *episkopo* compared with Greek *episkopos*.’ Luann Richardson (1988:18) Mario Pei: ‘Esperanto is an artificial language about the same way an automobile is an artificial horse.’ D’athruithe saorga a d’éirigh nádúrtha, féach Ó Riain 1994:2. D’úsáid Esperanto i gcúrsaí geilleagair, féach Munniksma 1990.

7. D’eolas ar Esperanto i 57 dteanga (anois 62), an Ghaeilge ina measc, féach [www.esperanto.net](http://www.esperanto.net).

8. **Bain triail as:** *Inteligenta persono lernas la internacian lingvon rapide kaj facile. Esperanto estas la moderna, kultura lingvo por la internacia mondo. La simpla, praktika,*

*fleksebla Esperanto estas la solvo de la problemo de ĝenerala interkompreno. Esperanto meritas seriozan konsideron.*

9. Is d'aonghnó nach n-úsáidim fogharscríobh anseo, de bhrí gur minic a dhearbhaigh Zamenhof gur don ghnáthdhuine Esperanto, agus nach do theangeolaithe amháin.

## Leabharliosta

- Alterman, M. (1997) Jedenaście języków Piętnastki. *Gazeta Wyborcza* (Forlónadh), 8 Bealtaine 1997.
- Auld, W. (eag.1984) *Esperanta Antologio: Poemoj 1887-1981*. Rotterdam: Universala Esperanto-Asocio (UEA).
- Auld, W. (eag.1991) *Nova Esperanta Krestomatio*. Rotterdam: UEA.
- Berveling, G. (1998) *Antologio Latina (2 volumoj)*. Chapecó-SC (Brazil): Fonto.
- Bonino, E. (1996) Ni klare antaŭvidu la politikan vojon. In *Esperanto* 1079:3, 42-4. Rotterdam:UEA.
- Bormann, W. agus Frank, H. (1994) *Für Europas Mehrsprachigkeit/Por plurilingveco de Eŭropo*. Berlin agus Paderborn: Akademia Libroservo.
- Boulton, M. (1960) *Zamenhof - Creator of Esperanto*, London: Routledge and Kegan Paul.
- Burney, P. (1966) *Les Langues Internationales*. Paris: <Que Sais-je?>, Presses Universitaires de France.
- Centassi, R. agus Masson, H. (1995) *L'homme qui a défié Babel*. Paris: Éditions Ramsay.
- Cherpillod, A. (1995) *Voyage au fil des mots*. Courgenard: Autoédition.
- Chiti-Batelli, A. (1987) *Communication Internationale et Avenir des Langues et des Parlers en Europe*. Nice: Presses d'Europe.
- Corsetti, R. agus La Torre, M. (1995) Quale lingua prima? Per un esperimento CEE che utilizzi l'esperanto. In *LPLP* 19:1, 26-46. Amsterdam: John Benjamins.
- Corsetti, R. (1996) A Mother Tongue Spoken Mainly by Fathers. In *Language Problems and Language Planning (LPLP)* 20:3, 263-273. Amsterdam: John Benjamins.
- Csiszár, E. (1995) *Dulingye - pli simple*. Rotterdam: UEA.
- Cushing, S. (1994) *Fatal Words - Communication Clashes and Aircraft Crashes*. Chicago agus London: University of Chicago Press.
- Eichholz, R. agus V. (1982) *Esperanto en la Moderna Mondo/Esperanto in the Modern World*. Bailieboro (Ontario): Esperanto Press.
- Erasmus, H. (1997) Esperanto as a second language alongside the native tongue. In Synak agus Wicherkiewicz 1997:167-75.
- Ertl, I. (1998) Auld baldaŭ kandidato por Nobel-premio. In *Esperanto* 1106:9:161. Rotterdam:UEA.
- Fettes, M. (1991) Europe's Babylon: Towards a Single European Language? *History of European Ideas* 13:3, 201-13.
- Flettes, M. (1997) Interlinguistics and the Internet. In *Language Problems and Language Planning* 21:2, 170-6. Amsterdam: John Benjamins.
- Flettes, M. agus Bolduc, S. (eagí) (1998) *Al Lingva Demokratio/Towards Linguistic Democracy/Vers la Démocratie Linguistique*. Rotterdam: UEA.
- Frank, H. (1982) *Sprachkybernetik*. Tübingen: Gunter Narr Verlag.
- Hagler, M.G. (1971) *The Esperanto Language as a Literary Medium* (tráctas Ph.D.). Ann Arbor, Michigan: Indiana University.
- Harry, R. (1994) *Aventuroj en Esperantujo*. Sydney: Libroservo de Aǔstralia Esperanto-Asocio.
- Haupenthal, R. (eag.) (1985) *Li kaj Ni: Festlibro por la 80a naskiūtago de Gaston Waringhien*. Antverpeno-La Laguna: Stafeto.
- Heller, W. (1985) *Lidia: The Life of Lidia Zamenhof, Daughter of Esperanto*. Oxford: George Ronald.
- Héraud, G., Wells, J., Piron, C., Broccatelli, U., Pagano, G. (1995) *Quale <<lingua perfetta>>? - imperialismo linguistico dell'inglese e soluzione federale europea*. Roma: Lacaita.

- Janton, P. (1989) *If Shakespeare had written in Esperanto ...* In Schubert 1989:211-28.
- Jordan, D. (1992) *Being Colloquial in Esperanto: A Reference Guide for Americans*. Lanham \* New York London: University Press of America.
- IKUE (1995) *Meslibro kaj Legafaro por dimanĉoj kaj festoj* (2 volumoj). Città del Vaticano: Liturgia Komisiono de Esperanto/Internacia Katolika Unuiĝo Esperantista.
- Lapenna, I., Lins, U., Carlevaro, T. (eagí) (1974) *Esperanto en Perspektivo*. Rotterdam: UEA.
- Lins, U. (1988) *Die Gefährliche Sprache*. Gerlingen: Bleicher.
- Lo Jacomo, F. (1981) *Liberté ou Autorité dans l'Évolution de l'Espéranto*. Paris: Université de Sorbonne.
- Mac Carráin, L. (1982) *Is Cuimhin liom an t-Am ...* Béal Feirste/BÁC: Cumann Chluain Ard/Coiscéim.
- Maizen, H., Mayer, H., Tišljar, Z. (eagí) (1994) *Aktoj de Internacia Scienca Simpozio 'Esperanto 100-Jara, Universitato de Vieno, 28-30.10.1987'*. Vieno: Pro Esperanto.
- Martinet, A. (1989) The proof of the pudding... in Schubert 1989: 3-5.
- Matthias, U. (1999) *Esperanto - Das neue Latein der Kirche*. Messkirch: Armin Gmeiner Verlag.
- Merriman, B. (1980) *La Noktmeza Kortumo* (aistrithe ag A. Goodheir). Lelystad: Vulpoo-Libroj.
- Mullarney, M. (1999) *Everybody's Own Language*. Baile Átha Cliath: Nitobe.
- Munniksma, F. (1990) *Internacia Komerca-ekonomia Vortaro en 11 Lingvoj*. Pekino: Ĉina Esperanto-Eldonejo.
- Ó Riain, S. (1994) *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*. BÁC: Carbad/Bord na Gaeilge.
- Ó Riain, S. (1997) *Western Europe phrasebook*. Melbourne: Lonely Planet.
- Ó Ríordáin, S. (1998) *Noktaj Papilioj* (aistrithe ag M. Maron).B.Á.C.: Esperanto-Asocio de Irlando.
- Opetusministeriön Työryhmien Muistioita (1984) *Opetusministeriön Esperantotyöryhmän Muistio*, Helsinki.
- Phillipson, R. (1992) *Linguistic Imperialism*. Oxford: Oxford University Press.
- Phillipson, R. (1996) Globalizing English: Are linguistic human rights an alternative to linguistic imperialism? Hong Kong: Polytechnic University, léacht neamhfhoilsithe.
- Pirlot, G. (1997) *Nia Bulteno* 71:3. Lisboa: Portugala Esperanto-Asocio.
- Piron, C. (1994) *Le Défi des Langues - du gâchis au bon sens*. Paris: L'Harmattan.
- Piron, C. (1997) Costs in International Institutions: Comparative Field Study. In Selten 1997:25-39.
- Rašić, N. (1994) *La Rondo Familia: Sociologaj esploroj en Esperantio*. Pisa: Edistudio.
- Richardson, D. (1988) *Esperanto: Learning and Using the International Language*. Eastsound, Washington: Orcas.
- Robineau, M. agus B. (1995) *Et leur vie, c'est la terre: Huit ans de nomadisme autour du monde*. Nantes: Edition Opera.
- Röllinger, H. (1997) *Monumente pri Esperanto*. Rotterdam: UEA.
- Rossetti, R. agus Vatré, H. (1989) *Trezoro: La Esperantista Novelarto 1887-1986*. Budapest: Hungara Esperanto-Asocio.
- SAT (1987) *Plena Ilustrita Vortaro de Esperanto*. Paris: SAT (Sennacieca Asocio Tutmonda).
- Schubert, K. (eag.) (1989) *Interlinguistics - Aspects of the Science of Planned Languages*. Berlin/New York: Mouton de Gruyter.
- Schulz, R. (1979) *Europäische Hochsprache oder Sprachimperialismus?* Gerlingen: Bleicher.
- Selten, R. (1997) (eag.) *The Costs of European Linguistic [Non] Communication*. Roma: 'Esperanto' Radikala Asocio (ar fáil in Esperanto is in Iodáilis freisin).
- Szerdahelyi, I. (1987) Principoj de Esperanta Etimologio. In M. Duc Goninaz (eag.) *Studioj pri la Internacia Lingvo, 109-38*. Gent: AIMA, Université de Gand.

- Ŝirjaev, I. (1979) *Enciklopedio de Esperanto*. Budapest: Hungara Esperanto-Asocio.
- Stocker, F. (1996) *Wer spricht Esperanto?/Kiu parolas Esperanton?* München: Lincom Europa.
- Synak, B. agus Wicherkiewicz, T. (1997) *Language Minorities and Minority Languages in the Changing Europe*. Gdańsk: Wydawnictwo Uniwersytetu Gdańskiego.
- Tišljar, Z. (1995) *Internationale Familie - Utopie oder Realität*. Maribor: Inter-kulturo.
- Tišljar, Z. (1997) Lingvo-Orientiga Instruado cele al Rapidigo de la Lernado de Fremdlingvoj. In *Esperanto Vivos malgraŭ la Esperantistoj*, 113-43. Zagreb: Libro TIM.
- Tišljar, Z. (1998) *Eŭropa Ideologio*. Maribor: Inter-kulturo.
- Tonkin, H. (1993) (eag.) in Janton, P. *Esperanto - Language, Literature and Community*, 129-33. New York: State University of New York Press.
- Vilborg, E. (1989) *Etimologia Vortaro de Esperanto* (5 volumoj). Malmö: Eldona Societo Esperanto.
- Vilisics-Formaggio, E. (1995) *L'Orientamento Linguistico - metodo per facilitare l'aprendimento delle lingue*. Roma: 'Esperanto' Radikala Asocio.
- Wells, J. (1978) *Lingvistikoj Aspektoj de Esperanto*. Rotterdam: UEA
- Wells, J. (1987) Hispanaj kaj Anglaj Problemoj en la Prononcado de Esperanto, in *Serta Gratulatoria in Honorem JUAN RÉGULO, Volumen II*, 773-82. La Laguna: Universidad de La Laguna.
- Zaft, S. (1996) *Peter Jameson's Secret Language*. Farmington, Michigan: Bela Lingvo Press.
- Zamenhof, L. (1974) *Proverbaro Esperanta*. La Laguna: Stafeto.